Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10970 — FORTRESS INVESTMENT GROUP / AIR INVESTMENT VALENCIA / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 39/12)

1. An 25 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Fortress Investment Group LLC ("Fortress Investment Group", SAM), faoi rialú ag SoftBank Group Corp (An tSeapáin)

— Air Investment Valencia S.L. ("Air Investment Valencia", an Spáinn), faoi rialú ag Carlos Bertomeu.

Gheobhaidh Fortress Investment Group agus Air Investment Valencia de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuabhunaithe a n-aistreofar gnólachtaí CityJet agus Air Nostrum faoi seach chuige.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

Tugadh fógra maidir leis an gcomhchruinniú céanna don Choimisiún cheana an 19 Meitheamh 2019 ach níor cuireadh chun feidhmé é.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht bainistíochta infheistíochta domhanda é Fortress Investment Group atá bunaithe i Nua-Eabhrac, SAM. Bainistíonn Fortress sócmhainní thar ceann níos mó ná 1 900 cliant institiúideach agus infheisteoir príobháideach ar fud an domhain ar fud raon straitéisí creidmheasa agus eastáit réadaigh, cothromais phríobháidigh agus buaninfheistíochta caipitil. Is fo-chuideachta de chuid SoftBank Group Corp, cuideachta shealbhaíochta Seapánach liostaithe, é Fortress Investment Group . Tá a cheanncheathrú ag SoftBank Group i dTóiceo na Seapáine agus is máthairchuideachta é de phunann dhomhanda fochuideachtaí agus cleamhnaithe a bhfuil baint acu le hardteileach-umarsáid, seirbhísí idirlín, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, róbataic agus soláthraithe teicneolaíochta fuinnimh ghlain,

— Ní ach cuideachta shealbhaíochta é Aer Investment Valencia, cuideachta atá lonnaithe i Valencia na Spáinne, faoi rialú Carlos Bertomeu. Seachas Aer Nostrum agus na gnólachtaí eile a chuirtear leis an JV, rialaíonn Air Investment Valencia (i) Inversiones Líneas Aéreas Internacionales (cuideachta shealbhaíochta/chomhairliúcháin atá tiomnaithe do dhearadh, do bhainistiú agus do rialú tionscadal agus infheistíochtaí), rialaíonn Air Investment Valencia freisin, i gcomhpháirt. (ii) (trí Maltair Holding, S.L.) Mediterranean Aviation Operations Company, Ltd (Melair) (aerlíne atá gníomhach in oibriú aerbhealaí idir an Eoraip agus an Afraic, agus é ag díriú ar sheirbhísí aeriompair a sholáthar do chuideachtaí gáis agus ola, custaiméirí corparáideacha agus eagraíochtaí daonnúla, go príomha trí sheirbhísí um eitilt chairtfhostaithe agus seirbhísí léasa fhliuch).

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuabhunaithe: flít aerárthaí a oibriú a sholáthraíonn seirbhísí léasa fhliuch agus léasa thais, seirbhísí saincheadúnais agus seirbhísí cairtfhostaithe d'aerlínte eile ar fud na hEorpa.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10970 — FORTRESS INVESTMENT GROUP / AIR INVESTMENT VALENCIA / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË